An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh

Tuarascáil Bhliantúil

2005

"Ag Cur Chun Cinn agus ag Tacú

le Folláine an Teaghlaigh agus an Phobail"



An Ghníomhaireacht Um Thacaíocht Teaghlaigh,
Urlár 4, Teach Fhaiche Stiabhna, Ardán an Iarla, Baile Átha Cliath 2
Fón: 01 611 4100
Facs: 01 676 0824

Clár

1. Ráiteas an Chathaoirligh 3

2. Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh 7

3. An Bord 11

4. Ról agus Tosaíochtaí Straitéiseacha 13

4.1 Ról 14

4.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha 14

5. Obair na Gníomhaireachta i 2005 15

5.1 Dul Chun Cinn i 2005 16

5.2 Airgeadas agus Cuntais 17

5.3 An Clár um Ionaid Acmhainní do Sheirbhisí Teaghlaigh agus Pobail 17

5.4 Deontais do Sheirbhísí Comhairliúcháin um Pósadh, Leanaí agus Méala 19

5.5 Seirbhís Eadrána Teaghlaigh 21

5.6 Taighde 25

5.7 Faisnéis 27

5.8 Polasaí 29

6. Aguisíní 31

Aguisín 1 Cruinnithe Boird agus Foghrúpaí i 2005 32

Aguisín 2 Feidhmeanna Reachtúla 33

Aguisín 3 Struchtúr na hEagraíochta agus a Foireann 35

Aguisín 4 Áitribh 37

Aguisín 5 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 2005 39

1. Ráiteas an Chathaoirligh

1. Ráiteas an Chathaoirligh

Michael Uas. O'Kennedy
Cathaoirleach

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2005 na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh a chur i láthair an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Tá an dara bliain de shaolré trí bliana ár bplean straitéisigh curtha dínn anois againn, plean a seoladh i 2004, agus is cúis mhór áthais dom a bheith ar mo chumas a thuairisciú gur leanadh ar aghaidh leis an móiminteam agus leis an leibhéal gníomhaíochta a thógamar thar ár gcúig réimse tosaíochta straitéise agus, go deimhin, gur sáraíodh iad.

Chuir an Ghníomhaireacht aighneacht go dtí an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i Márta 2005, i dtaobh riail chúirt iata Chúiseanna Dlí Teaghlaigh. Is maith linn gur ceapadh an Ghníomhaireacht mar chomhlacht ainmnithe eadránaithe teaghlaigh a mbíonn ar a gcumas tuarascálacha a dhéanamh i gcomhair na Cúirte.

Agus aitheantas san aighneacht againne chuig an Coiste Uile-Pháirtí Oireachtais um an mBunreacht go soláthraíonn an teaghlach bunaithe ar an bpósadh creat seasta do dhaoine pósta agus dá leanaí, leagadh an bhéim san aighneacht sin ar cheisteanna áirithe, ina measc, athrú a dhéanamh ar an sainmhíniú maidir le cad is teaghlach ann i sochaí an lae inniu. Thagraíomar, chomh maith, don easpa soláthair leodhóthanaigh sa Bhunreacht maidir le cearta an linbh agus mholamar gur cheart ionad speisialta na mná sa bhaile a leathnú chun an fear a chuimsiú.

I mí Iúil, bhí sé de phribhléid agam a bheith i gceannas ar thoscaireacht a raibh na daoine seo leanas ina mbaill de: Pat Bennett, Príomhfheidhmeannach, Bill O'Dea, Leas-Cheannaire agus Muriel Walls, Ball den Bhord chuig Comhchoiste an Oireachtais um Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, chun comhaltaí an Chomhchoiste a chur ar an eolas faoin obair atá ar siúl ag an nGníomhaireacht i gcomhar leis an oiread sin soláthraithe seirbhísí agus faoina pleananna don am atá romhainn.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú aitheantas a thabhairt d'fhoireann uile na Gníomhaireacht faoi cheannas oilte Pat Bennett mar Phríomhfheidhmeannach, as ucht a gcuid oibre crua agus i ngeall ar a dtiomantas chun scoth na seirbhísí tacaíochta a sholáthar do theaghlaigh ar fud na tíre. Táim buíoch, chomh maith de mo chomhaltaí ar an mBord as ucht a dtacaíochta leanúnaí agus a n-eagna.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas le Séamus Uasal Brennan, T.D., mar Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus le hoifigigh a Roinne as na hacmhainní sin a sholáthar a chuireann ar ár gcumas cur leis na seirbhísí a sholáthraímid ar fud na tíre.



Michael O'Kennedy
Cathaoirleach

2. Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

2. Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

Pat Uas. Bennett
Príomhfheidhmeannach

Tar éis dúinn dhá bhliain dár bPlean Straitéiseach trí bliana 2004-2006 a chur dínn, tá áthas orm a thuairisciú go bhfuilimid ag leanúint den chur chun cinn i ngach réimse oibre maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise sin agus dá réir sin, ár ról mar phríomhsholáthraí seirbhísí a chomhlíonadh, go díreach trínár Seirbhís Eadrána Teaghlaigh agus go hindíreach tríd an iliomad pobal a sholáthraíonn seirbhísí ar an leibhéal áitriúil.

Tá an Clár um Ionaid Acmhainní Teaghlaigh ag dul ó neart go neart. Tugadh tiomantas sa Phlean Straitéiseach faoin gclár Forbartha Náisiúnta 100 Ionad Acmhainní Teaghlaigh a bheith in áit roimh roimh dheireadh na bliana 2006 agus, i ngeall ar an maoiniú méadaithe a fuaireamar i mbliana, tá 88 Ionad sa Chlár anois. Is mór mo mhuinín go mbainfimid ár sprioc amach faoi dheireadh na bliana seo chugainn. Chomh maith leis sin, chuireamar €25,000 ar fáil don Fhóram Náisiúnta um Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (IAT), mar thionscnamh tábhachtach nua mar thaca le forbairt leanúnach an chláir.

Tá mar phríomhfheidhm ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh tacú le heagraíochtaí deonacha a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin um pósadh, leanaí agus méala do phobail áitiúla. Sa bhliain atá díreach thart anois, bhí ar ár gcumas maoiniú a sholáthar do 547 de na heagraíochtaí sin. Sin méadú thar 523 na bliana 2004.

Tá Seirbhísí Eadrána Teaghlaigh ag leanúint dá bhforbairt. Leanamar orainn d'fheabhsú agus d'fhorbairt na seirbhíse ar fud na tíre i mbliana agus leanfaimid orainn i 2006 dár ndúthracht a chaitheamh le líon na ndaoine ar na liostaí feithimh a laghdú.

Rinneadh ár suíomh idirlín a fhorbairt i 2005. Freagairt dhearfa amach agus amach a bhí air sin agus leanfaimid sa tóir ar bhealaí chun an acmhainn thábhachtach sin a fhorbairt.

Níorbh fhéidir na héachtanna sin ná go leor eile ar a bhfuil cur síos sa tuarascáil seo gan tacaíocht agus dúthracht go leor daoine. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Séamus Uasal Brennan, T.D., agus d'oifigigh a Roinne as ucht a dtacaíochta leanúnaí.

Táim buíoch dár gCathaoirleach, Michael Uasal O'Kennedy SC agus de Bhaill an Bhoird as ucht a dtacaíochta leanúnaí gan staonadh dom féin agus do bhaill uile fhoireann na Gníomhaireachta, dá dtugaim buíochas ó chroí, chomh maith céanna, as ucht a ndúthrachta agus a gcuid oibre crua.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl arís do na solátraithe seirbhísí as bhur dtacaíocht agus bhur ndilseacht do na pobail lena mbaineann sibh. Plean soiléir Straitéiseach atá againn agus táimid tiomanta do na spriocanna a leagtar síos sa phlean sin a bhaint amach.

Pat Bennett

Pat Bennett
Príomhfheidhmeannach

3. An Bord

3. An Bord

Cathaoirleach

Michael Uas. O'Kennedy
Abhcóide Sinsir

Tá comhaltaí Bhord na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh arna gceapadh ag an an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tá saineolas agus taithí ag na comhaltaí a cheaptar sna réimsí seo a leanas: seirbhísí teaghlaigh agus pobail, comharliúchán, eadráin teaghlaigh agus dlí teaghlaigh.

Baill

Clare Uas. Cashman
Comhordaitheoir Tionscadail, Ionad Acmhainní na Mílaoise, Baile an Gharraí, Co. Thiobraid Árann

Paddie Uas. Connellan
Ball den Choiste Cuartaíochta Príosún, Banaltra, Cumhartheiripeoir agus Reifléacseolaí

Geoffrey Uas. Corry
Ionadaí Foirne

Margaret Uas. Farrell (1)
Ionadaí Foirne

Helen Uas. Faughnan
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Angela Uas. Gaule
Idirghabhálaí Comhairleach agus Ball d'Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann

Sinead Uas. Hanly (2)
Comhairleoir, Comhairleach Taighde agus Abhcóide cáilithe

Rita Uas. Hayes
Ball den Choiste Cuartaíochta Príosún, Bainteach le Comhairliúchán um Méala

Dick Uas. Hickey
Stiúrthóir, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Naomh Bríd, Port Láirge

Gerry Uas. Mangan (3)
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Brendan Uas. Murphy (4)
Síceolaí agus Ball d'Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann

Dilly Uas. O'Brien
An Roinn Sláinte agus Leanaí

An Dr. Colm O'Connor
Síceolaí Cliniciúil agus Stiúrthóir, Ionad Comhairliúcháin Pósta Chorcaí

Bríd Uas. Rocks
Leas-Phríomhoide, Meánscoil Bush, Dún Dealgan, Diop. i gComhairliúchán & Síciteiripe

Muriel Uas. Walls
Aturnae agus saineolaí dlí teaghlaigh

(1) D'éirigh as, Meán Fómhair 2005 – ceapadh Geoffrey Uas. Corry mar chomharba uirthi

(2) Chríochnaigh a théarma in oifig,Mí na Bealtaine 2005 – ceapadh Rita Uas. Hayes mar chomharba uirthi

(3) Chríochnaigh a théarma in oifig,Mí na Bealtaine 2005 – ceapadh Helen Uas. Faughnan mar chomharba air

(4) D'éirigh as, Deireadh Fómhair 2005 – ceapadh Angela Uas. Gaule mar chomharba air

- Féach Aguisín 1 maidir le sonraí na gcruinnithe Boird i 2005 agus sonraí a bhaineann le Foghrúpaí den Bhord.

4. Ról agus Tosaíochtaí Straitéiseacha

4. Ról agus Tosaíochtaí Straitéiseacha

4.1 Ról

Tá ról reachtúil ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, a bunaíodh ar an 6ú Mí na Bealtaine 2003, maidir le seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh agus polasaí teaghlaigh. Tugtar cur síos in Aguisín 2 ar fheidhmeanna na Gníomhaireachta, mar a leagtar síos san Acht fán Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001.

4.2 Tosaíochtaí Straitéiseacha

Sa chéad Phlean Straitéiseach don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, a forbraíodh i gcomhairle lena lucht leasmhara, leagadh síos cúig Thosaíocht Straitéiseacha don Ghníomhaireacht sa tréimse trí bliana 2004 go 2006. Sna Tosaíochtaí Straitéiseacha sin, leagtar amach treo foriomlán don Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh sna blianta 2004, 2005 agus 2006:

- Tacú le teaghlaigh agus iad a neartú trí sheirbhísí tacaíochta ar ardcháilíocht a sholáthar do theaghlaigh ar fud na tíre.
- Timpeallacht thacúil pobail a chothú do theaghlaigh i gcomhar leis an bpobal agus leis na hearnála deonacha agus reachtúla.
- Cur le héifeachtúlacht polasaí agus seirbhísí teaghlaigh trí thaighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar ábhair a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta nó le nithe eile mar a iarrann an tAire.
- An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a chur chun cinn mar sholáthraí seirbhísí tacaíochta agus faisnéise maidir le teaghlaigh in Éirinn.
- Timpeallacht a chruthú ina n-aithnítear luach na foirne sa Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus a thacaíonn lena bhforbairt leanúnach.

Tá cur síos in alt 5 ar an gcur chun cinn a rinneadh maidir leis na cúig Thosaíocht Straitéiseacha i 2005.

5. Obair na Gníomhaireachta 2005

5. Obair na Gníomhaireachta 2005

5.1 Dul Chun Cinn i 2005

Le linn 2005, lean an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh dá struchtúr eagraíochta a fhorbairt de réir na dtosaíochtaí a leagadh amach i bPlean Straitéiseach 2004-2006 na Gníomhaireachta. Ina theannta sin, le linn 2005, lean an Ghníomhaireacht den phróiseas tógála agus feabhsaithe caidrimh lena lucht leasmhara d'fhonn seachadadh seirbhísí teaghlaigh den scoth a chinntiú.

Áirítear i measc na nithe a chuir an Ghníomhaireacht i gcrích i 2005:

- Seirbhís Eadrána Teaghlaigh arna seachadadh go díreach chuig 1430 lánúin ar fud na tíre.
- Maoiniú tugtha do 88 Ionad Acmhainní Teaghlaigh (cuireadh 12 Ionad nua leis an gClár i 2005).
- Maoiniú tugtha do 547 Eagras Deonacha agus Pobail a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin.
- Tús curtha le hathbhreithniú ar Chéim 1 den Chlár um Thaighde Teaghlaigh.
- Tús curtha le hathbhreithniú ar conas atá Scéim um Dheontas Comhairliúcháin na Gníomhaireacht.
- Suíomh idirlín na Gníomhaireachta arna fhorbairt.
- Cómhaoiniú ar Chomhdháil um Thacaíocht Teaghlaigh in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh.
- Aighneachtaí faoi na cúsaí seo a leanas: an Bunreacht, Cúram Leanaí, Tuismitheoireacht Aonair, Dliteanas Sibhialta agus Acht na gCúirteanna (riail na cúirte iata).
- Teacht i láthair an Chomhchoiste an Oireachtais um Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Chun an obair mhór sin a chur i gcrích, theastaigh tiomántas leanúnach bhord agus fhoireann na Gníomhaireachta agus comhairliúchán tráthrialta le lucht leasmhara na Gníomhaireachta.

Arís, is mian leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a buíochas a chur in iúl don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh as ucht a tacaíochta leanúnaí.

Tá cur síos ar struchtúr eagraíochta agus ar fhoireann na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh i 2005 in Aguisín 3. Tá cur síos ar 15 áitreabh na Gníomhaireachta ar fud na tíre in Aguisín 4.

5.2 Airgeadas agus Cuntais

Fuair an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh cionnroint €24.46m de Bhuiséad i 2005. Cheadaigh an buiséad sin leanúnachas agus forbairt na seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a bhfuil an Ghníomhaireacht freagrach astu.

Tá Cuntais agus Ráiteas Airgead 2005 na Gníomhaireachta in Aguisín 5.

5.3 An Clár um Ionaid Acmhainní do Sheirbhisí Teaghlaigh agus Pobail

Tá sé mar fhreagracht ar an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh tacaíocht a thabhairt don Chlár um Ionaid Acmhainní do Sheirbhisí Teaghlaigh agus Pobail agus as an clár sin a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Tosaíochtaí Polasaí

Is é atá mar phríomhaidhm ag an gClár um Ionaid Acmhainní do Sheirbhisí Teaghlaigh agus Pobail deireadh a chur le míbhuntáiste i measc daoine trí feabhas a chur ar fheidhmiú an teaghlaigh, mar aonad. Cuireann sé an bhéim ar rannpháirtíocht na bpobal áitiúla, maidir le cur chuige a fhorbairt chun déileáil le fadhbanna agus chun páirtíocht rathúil a fhorbairt i measc gníomhaireachtaí deonacha agus pobail a gceantar. Bíonn na hIonaid Acmhainní Teaghlaigh ag feidhmiú de réir cleachtas agus as prionsabal um fhorbairt pobail ina mbíonn daoine as grúpaí imeallaithe agus goiliúnacha páirteach agus a bhaineann le ceantair faoi míbhuntáiste ag gach leibhéal den tionscadal.

Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí

Tá na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí dá dtugann na hionaid acmhainní taca dírithe ar riachtanais an phobail áitiúil a shásamh. Buanaíonn siad éirim fhorbartha pobail agus prionsabal na cuimsitheachta, mar luacha lárnacha den Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh:

- Faisnéis, comhairle agus tacaíocht a sholáthar do spriocghrúpaí agus do theaghlaigh sa cheantar.

- Cabhair phraiticiúil a thabhairt do ghrúpaí pobail, i bhfoirm oiliúna, faisnéise agus comhairle.
- Cúrsaí oideachais agus deiseanna oiliúna.
- Áiseanna um chúram leanaí a sholáthar do dhaoine ag freastal ar chúrsaí curtha ar fáil faoin tionscadal.
- Rannpháirtíocht na bhfear i saol an phobail.
- Grúpaí do Thuismitheoirí Aonair.
- Grúpaí ban.
- Úsáid ionad áitiúla mar ionaid chomhchruinnithe i gcomhair grúpaí éagsúla agus seirbhísí éagsúla, mar shampla, C.I.C., MABS, AA, cruinnithe áitritheoirí, srl.
- Clubanna iarscoile.

Príomhionaid arna Maoiniú

Ó cuireadh tús leis an gClár i 1994, tá méadú tagtha ar líon na bpríomhionad maoinithe ó 10 ionad i 1994 go 88 i 2005:

Príomhionad Acmhainní Teaghlaigh arna maoiniú i 1994-2005



Maoiniú

Méadaíodh an maoiniú don Chlár ó €317,000 (£250,000) i 1994 go €10.616m i 2005. Gealltar faoi Pháirtíocht 2000 go mbeidh 100 Ionad Acmhainní Teaghlaigh faoin gClár roimh dheireadh 2006.

Maoiniú d'Ionaid Acmhainní Teaghlaigh 1994-2005



Gníomhaireachtaí Tacaíochta/Sainghníomhaireachtaí Tacaíochta

Tá scata Gníomhaireachtaí Tacaíochta/Sainghníomhaireachtaí Tacaíochta ag obair faoi conradh ag an nGníomhaireacht, chun tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do thionscadail agus chun an cleachtas is fearr a chur chun cinn.

Obair i gcomhar

Cothaíonn an Ghníomhaireacht obair i gcomhar idir Ionaid Acmhainní Teaghlaigh ar leibhéil réigiúnda agus náisiúnta. Chun gréasáin mar sin a neartú, tugadh €25,000 mar chionroinnt don Fhóram Náisiúnta um Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (IAT) i 2005. Bhí cruinniú gach ráithe ag an nGníomhaireacht le Fóram Náisiúnta IAT, chomh maith.

Measúnú

Trí phróiseas tairisceana, d'fhostaigh an Ghníomhaireacht Nexus Taighde Co-operative chun samhail um measúnú a leathadh go dtí gach Tionscadal sa Chlár um Ionaid Acmhainní do Sheirbhísí Teaghlaigh agus Pobail. Cuireadh tús leis an oiliúint i Mí na Samhna 2004, agus cuireadh críoch leis i Mí na Bealtaine 2005. Táthar ag leanúint den oiliúint i gcomhair grúpaí nua ar a dteacht isteach sa Chlár.

5.4 Deontais do Sheirbhísí Comhairliúcháin um Pósadh, Leanaí agus Méala

Is í an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh a dhéanann na Seirbhísí Comhairliúcháin um Pósadh, Leanaí agus Méala a riaradh. Tá sé mar fhreagracht ar an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí comhairliúcháin um pósadh agus caidreamh, ullmhúchán do shaol an phósta agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh.

Le linn 2005, rinneadh suim iomlán €8.407m a chionroinnt ar Scéim na nDeontas, rud a chiallaíonn méadú 10% thar shuim 2004 (€7.610m).

Dáileadh an mhaoinithe

Fuarthas 568 iarratas ó eagraíochtaí a bhí ag iarraidh maoiniú i bhfoirm deontas a fháil, agus deonaíodh maoiniú 547 de na heagraíochtaí sin, sin méadú 24 ar líon na n-iarratas ar éirigh leo, thar líon 2005. Nócha (90) eagraíocht as an iomlán sin a bhí ag iarraidh deontas maoinithe den chéad uair. D'iarr eagraíochtaí suim iomlán €16.65m i 2005.

Na tosaíochtaí a rialaíonn dáileadh na ndeontas

- Infheistiú leanúnach i soláthróirí seanbhunaithe seirbhísí, ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag soláthar agus ag forbairt a gcuid seirbhísí.
- Gréasán réigiúnda de sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh a sholáthar trí infheistíocht i soláthróirí áitiúla seirbhísí i gceantair ar leith ar fud na tíre.
- Béim ar thacú le soláthraithe seirbhísí i bpobail a bhíonn faoi mhíbhuntáiste.

Miondealú ar an maoiniú

Seo leanas miondealú ar chionroinnt foriomlán an mhaoinithe idir na seirbhísí eagsúla:

Aicme Deontas	Suim an Mhaoinithe
Comhairliúchán um Pósadh	€4.781m
Ullmhúchán don Phósadh	€0.826m
Comhairliúchán do Leanaí	€1.177m
Comhairliúchán um Méala	€1.474m



Fuair eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí comhairliúcháin um pósadh agus leanaí ardú thar 2004 ar a gcionroinnt maoinithe, ach amháin i gcás eagraíochtaí nár iarr ardú.

Ní bhfuair an chuid is mó de na heagraíochtaí a sholáthraíonn tacaíocht um méala ardú ar a gcuid deontas toisc gur measadh go raibh a leordhóthain de mhaoiniú á fháil acu.

Nithe Speisialta sa Cháinaisnéis

Cuimsíonn an maoiniú do dheontais i 2005 suim €124,000 arna cionroinnt i gcáinaisnéis 2003 do na tionscadail speisialt seo a leanas:

- €50,000 do Phríomhoifig ACCORD, mar chúnamh um oiliúint, cáiliú nó a chomhionann, maidir le comhairleoirí ACCORD.
- €29,000 do Sheirbhísí Méala Leanaí Barnardo (Solas), mar chúnamh chun a Samhail um fhaisnéisiú struis iar dteagmhas cinniúnach a fhorbairt (C.I.S.D.).
- €20,000 do Chomhionannas Tuismitheoireachta, mar chúnamh chun forbairt a dhéanamh ar a gclár um thuismitheoireacht do lánúnacha scartha.
- €50,000 do ghréasánú in earnáil an chomhairliúcháin.

Measúnú ar Sheirbhísí

Tugadh cuairt ar 40 eagraíocht timpeall na tíre i 2005 chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeán agus ar chineál na seirbhísí a bhíonn á soláthar acu agus, go foriomlán, measadh go raibh caighdeán na seirbhísí á gcur ar fáil ag na heagraíochtaí sásúil.

Cabhraíonn na cuairteanna sin le gréasán lucht teagmhála a fhorbairt chun aiseolas a chur ar ais go dtí an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh maidir le forbairt na seirbhísí amach anseo.

Comhdháil um Ghréasánú

Reáchtáil Ionad Comhairliúcháin Pósta Chorcaí comhdháil um ghréasánú in Eanáir 2005 san Óstán Hudson Bay Hotel, i mBaile Átha Luain thar ceann na Gníomhaireachts um Thacaíocht Teaghlaigh. Measadh gurbh fhiú go maith a reáchtáil chun bainisteoirí eagraíochtaí comhairliúcháin timpeall na tíre a chruinniú le chéile chun bealaí forbartha na seirbhísí a phlé chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin do theaghlaigh san am atá ag teacht. Tá comhdhálacha eile um ghréasánú á mbeartú don bhliain 2006.

5.5 Seirbhís Eadrána Teaghlaigh

Tá an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh freagrach, chomh maith, ag an Seirbhís Eadrána Teaghlaigh, seirbhís ghairmiúil, rúnda in aisce do lánúin phósta agus neamhphósta atá meáite ar scaradh ó chéile nó ar cholscaradh a fháil agus a dteastaíonn uathu teacht ar réiteach maidir le téarma na scarúna nó an cholscartha le cabhair ó eadránaí oilte. Cabhraíonn eadráin teaghlaigh le lánúin atá ar tí a scartha breathnú ar na hacmhainní agus na roghanna atá ar fáil dóibh agus teacht ar réiteach ag teacht lena leas féin agus le leas a leanaí.

Próiseas na hEadrána

Nuair a thagann lánún chuig Ionad Eadrána Teaghlaigh feiceann a n-eadránaí an bheirt acu le chéile. Míníonn an t-eadránaí dóibh gurb iad féin, mar lánúin, a dhéanfidh cinneadh ar bith, gurb é ról an eadránaí ná a gcainteanna a éascú agus a n-idirbheartaíocht a bhainistiú agus nach comhairleoir ná comhairleach dlí an t-eadránaí. Ag an seisiún sin, cloiseann an t-eadránaí cén fáth go bhfuil eadráin de dhíth ar an lánúin, cad leis a bhfuil siad ag súil san eadráin agus cad iad na saincheisteanna is mian leo a phlé chun teacht ar réiteach. Ansin cruthaíonn an lánúin a gclár oibre féin de shaincheisteanna atá le plé san idirbheartaíocht.

Is minic a chuimsíonn ceisteanna in eadrán teaghlaigh na cursaí seo a leanas:

- **Áras cónaithe an teaghlaigh –** cá gcónóidh gach duine agus cá gcónóidh na leanaí?
- **Tuismitheoireacht –** conas a roinnfidh na leanaí a gcuid ama idir a dtuismitheoirí, agus cén chumarsáid a bheidh ag na tuismitheoirí lena chéile, maidir leis na leanaí?
- **Tacaíocht airgid –** an dtabharfar cabhair do chéile amháin agus do na leanaí agus cé mhéid a bheidh ag gach duine acu mar airgead maireachtála?
- **Pinsin –** cad iad na teidlíochtaí ina leith agus conas a dhéanfar iad a dháileadh?
- **Sócmhainní –** conas a roinnfidh an lánún a gcuid sócmhainní?
- **Fiacha –** conas a láimhseoidh siad fiacha agus eisíocaíochtaí eile?
- Conas a chionroinnfear gach a bhfuil in áras cónaithe an teaghlaigh?

Nuair a bhíonn an clár oibre leagtha amach roinneann na rannpháirtithe eolas faoina riachtanais airgeadais sa todhchaí. Cuireann siad bunús lena n-ioncam agus lena gcaiteachas – nuair atá sealúchas i gceist d'fhéadfadh gur ghá luacháil a fháil chomh maith le luach agus sochair scéimeanna pinsean. Mura mbíonn comhairle dlí iarrtha cheana féin ag an lánúin, d'fhéadfadh gá a bheith leis sin le linn na headrána.

Nuair thagann an lánúin ar chomhaontú faoi na saincheisteanna thuas, scríobhann an t-eadránaí Nóta de Chomhaontú Eadránaithe i ngnáthfhriotal. Tig leis an lánúin an Nóta de Chomhaontú Eadránaithe a thabhairt chuig a ndlíodóirí faoi seach chun Comhaontú Scarúna dlíthiúil a dhéanamh de. D'fhéadfadh idir dhá agus sé sheisiún a bheith ag teastáil chun eadráin teaghlaigh a thabhairt chun críche. Ag deireadh an phróisis, iarrtar ar na lánúin a bpáistí a bhreith leo chun na socruithe don todhchaí atá aontaithe acu a mhíniú i slí is go mbeidh a fhios ag na leanaí go bhfuil a leas siúd tábhachtacht dá dtuismitheoir i gcónaí.

Ceithre Ionad déag do Sheirbhísí Eadrána Teaghlaigh atá ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ar fud na tíre. Tá bunú dhá ionad de bhreis formheasta ag an nGníomhaireacht, ceann i Leitir Ceanainn agus an ceann eile i bPort Laoise, a bhfuil súil lena n-oscailt i 2006. Tá ionad lánaimseartha um Sheirbhís Eadrána Teaghlaigh de chuid na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath, sa Ghaillimh agus i Luimneach anois, agus ionaid pháirtaimseartha sna háiteanna seo a leanas: Baile Átha Luain, Baile Bhlainséir, Caisleán an Bharraigh, Dún Dealgan, Marino, Sligeach, Tamhlacht, Trá Lí, Port Láirge agus Loch Garman. Tá an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh ag beartú a cuid oifigí i mBaile Átha Luain, i Loch Garman, i bPort Láirge agus i Marino a aistriú go dtí áitribh níos mó.

In imeacht na bliana atá díreach thart anois, is fiú a nótáil go bhfuil fiosruithe faighte ag an Seirbhis Eadrána faoi conas is féidir léi dul ag obair le haighnis teaghlaigh de shaghasanna éagsula – mar shampla, cúram tuismitheoirí aosta, athbhunú na teagmhála agus na cumarsáide idir tuismitheoirí agus a leanaí fásta, aighnis talún i measc clainne agus aighnis idir teaghlaigh i dtaobh uachtanna.

Oifigí FMS In Éirinn

Sonraí Staidrimh

Sa tréimhse 1986-1996 d'úsáid 250 lánúin, ar an meán, an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh. Tháinig méadú suntasach le blianta beaga anuas ar líon na ndaoine a bhíonn ag úsáid na Seirbhíse. Sa tréimhse ó Eanáir go dtí Mí na Nollag 2005, chabhraigh an tSeirbhis le 1430 lánúin. Astu sin, cabhraíodh le 852 a gcúrsaí a thabhairt chun comhlánaithe, d'éirigh 191 eile as tar éis seisiún amháin comhairliúcháin agus tá na lánúineacha eile fós i mbun eadrána agus iad á dtabhairt ar aghaidh go dtí 2006. Seo leanas staitisticí iomlána 2005:

An tír ina hiomláine

Líon na lánúineacha a fuair cabhair i 2005 (Figiúr Náisiúnta)	Líon na lánúineacha a bhí rannpháirteach sa phróiseas eadrána	Líon na lánúineacha a d'éirigh as tar éis a nglactha isteach
1430	852	191

2005	Líon na lánúineacha a ghlac páirt i bpróiseas eadrána	Líon na lánúineacha a tháinig ar chomhaontú	Líon na lánúineacha a d'fhill ar a bpósadh	Lánúineacha a fuair cabhair ach nár chríochnaigh an próiseas
Iomlán	852	459	45	348
Iomlán mar %	**100%**	**54%**	**5%**	**41%**

Réigiún an Oirthir (Baile Átha Cliath, Tamhlacht, Dún Dealgan, Loch Garman, An Chúlóg agus Baile an Bhlainséir)

2005	Líon na lánúineacha a ghlac páirt i bpróiseas eadrána	Líon na lánúineacha a tháinig ar chomhaontú	Líon na lánúineacha a d'fhill ar a bpósadh	Lánúineacha a fuair cabhair ach nár chríochnaigh an próiseas
Iomlán	439	250	17	172
Iomlán mar %	**100%**	**57%**	**4%**	**39%**

Réigiún na Gaillimhe (Gaillimh, Baile Átha Luain, Caisleán an Bharraigh agus Sligeach)

2005	Líon na lánúineacha a ghlac páirt i bpróiseas eadrána	Líon na lánúineacha a tháinig ar chomhaontú	Líon na lánúineacha a d'fhill ar a bpósadh	Lánúineacha a fuair cabhair ach nár chríochnaigh an próiseas
Iomlán	168	86	13	69
Iomlán mar %	**100%**	**51%**	**8%**	**41%**

Réigiún Luimnigh (Luimneach agus Trá Lí)

2005	Líon na lánúineacha a ghlac páirt i bpróiseas eadrána	Líon na lánúineacha a tháinig ar chomhaontú	Líon na lánúineacha a d'fhill ar a bpósadh	Lánúineacha a fuair cabhair ach nár chríochnaigh an próiseas
Iomlán	96	48	12	36
Iomlán mar %	**100%**	**50%**	**12%**	**38%**

Réigiún Chorcaí (Corcaigh agus Port Láirge)

2005	Líon na lánúineacha a ghlac páirt i bpróiseas eadrána	Líon na lánúineacha a tháinig ar chomhaontú	Líon na lánúineacha a d'fhill ar a bpósadh	Lánúineacha a fuair cabhair ach nár chríochnaigh an próiseas
Iomlán	149	75	3	71
Iomlán mar %	**100%**	**50%**	**2%**	**48%**

5.6 Taighde

Chuir an Ghníomhaireacht tús i 2005 le próiseas chun straitéis a fhorbairt d'fhonn a dualgas chun "taighde a dhéanamh nó a choimisiúnú ar ábhair a bhaineann lena feidhmeanna" a chomhlánú. Mar chéim tosaigh i dtreo a dualgas taighde a chomhlánú, ghlac Bord na Gníomhaireachta cinneadh gur cheart dul i mbun taighde faoi na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na 14 staidéir a rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, mar chéim a haon den Chlár um Thaighde Teaghlaigh. (Leagadh an Clár sin mar fhreagracht ar an nGníomhaireacht toisc é a bheith ag teacht chun críche).
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim um Dheontais do na seirbhísí comhairliúcháin a bhfuil an Ghníomhaireacht freagrach as a riaradh.

Faoi dheireadh na bliana 2005, bhí tús curtha leis an athbhreithniú ar chéim 1 den chlár taighde. Tar éis dianphróiseas roghnaithe, aontaíodh an t-iarrthóir roghnaithe a cheapadh chun an t-athbhreithniú ar scéim deontas na Gníomhaireachta a chur i gcrích agus eisíodh fógra a gceaptha.

Tá an Ghníomhaireacht tar éis caidreamh i gcomhar le heagraíochtaí eile sa réimse taighde a fhorbairt. Áirítear mar chuid den chomhoibriú sin:

- Rannpháirtíocht sa Choiste Comhairleach Taighde atá ag Comhrac na Bochtaine, a dhéanann athbhreithniú ar chlár iomlán taighde na gníomhaireachta sin.
- Rannpháirtíocht i gcoistí comhairliúcháin maidir le taighde i staidéir ar leith a bhíonn ar siúl ag eagraíochtaí eile, ar a n-áirítear na staidéir leanúnacha ag an gCoiste Náisiúnta Comhairliúcháin um Dhrugaí agus Comhrac na Bochtaine.
- Rannpháirtíocht sa Ghréasán um Polasaí Sóisialach, a éascaíonn teagmháil idir lucht taighde i ngníomhaireachtaí éagsúla rialtais agus i ngníomhaireachtaí neamhrialtasacha.

D'úsáid an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a chuid cumhachtaí i 2004 le hiarraidh ar an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh tabhairt faoi thaighde maidir le "nithe eile mar a iarrann an tAire", nó taighde a choimisiúnú ina leith. Bhain an t-iarratas sin le taighde maidir le bás neamhthimpisteach leanaí tar éis dá dtuismitheoirí scaradh óna chéile. Chuir an Ghníomhaireacht grúpa saineolaithe ar bun, a raibh ionadaithe ó ghníomhaireachtaí éagsúla páirteach ann, ina measc, Oifig Náisiúnta na Leanaí, Barnardos agus an Príomhospidéal Meabharghalar. Thug an Grúpa a staidéar chun críche i 2005 agus scríobh chun an Aire ag comhairliú dó gan taighde mar sin a chur ar siúl.

Dúshláin i gcomhair 2006

Chun straitéis taighde na Gníomhaireachta a fhorbairt a thuilleadh sna réimsí seo a leanas:

- Leanúint den obair a bhaineann le hathbhreithniú ar sheirbhísí díreacha na Gníomhaireachta, d'fhonn a éifeacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí a chinntiú agus, más cuí, bonn a sholáthar chun comhairle, faisnéis agus cabhair a chur ar fáil don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le gnéithe de na feidhmeanna sin a fhorbairt.
- Próiseas chun taighde a choimisiúnú a chur i bhfeidhm, ionas gur féidir leis an nGníomhaireacht an luach is mó a bhaint as a buiséad taighde.
- Méar a leagadh ar cheisteanna tábhachta taighde a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta, ar féidir taighde a choimisiúnú ina leith.

Chun na gníomhaíochtaí taighde i gcomhar a bhíonn ar siúl ag an Ghníomhaireacht a fheabhsú ar na dóigheanna seo a leanas:

- Baint leanúnach le gníomhaíochtaí taighde eagraíochtaí eile.
- Bealaí éifeachtacha chun lucht leasmhara agus gníomhaireachtaí eile a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí taighde na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh.

5.7 Faisnéis

Tá ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh i gcur chun cinn cúrsaí a bhaineann le hoideachas i dtaobh an phósta agus an chaidrimh, na headrána, na tuismitheoireacha, le dualgas teaghlaigh agus le cúrsaí gaolmhara. Agus í ag comhlíonadh na ndualgas sin, is amhlaidh a chuireann an Ghníomhaireacht chun cinn luach na seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh agus a mhéadaíonn feasacht an phobail i dtaobh na seirbhísí tacaíochta sin. Cuimsíonn an ról sin comhoibriú le húdaráis phoiblí eile chun faisnéis a sholáthar mar chúnamh do dhaoine ag iarraidh teacht ar réiteach idir a ndualgais don obair agus don teaghlach.

- **An Plean Straitéiseach –** D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht an chéad Phlean Straitéiseach dá cuid, a chlúdaíonn na blianta 2004-2006 i Mí na Bealtaine, 2004. Tá fócas láidir teaghlaigh sa Straitéis, a forbraíodh i gcomhar leis an lucht leasmhara, agus is é atá mar bhonn léi, muinín láidir sa cuimsitheacht shóisialta agus an tábhacht bhunúsach a bhaineann le teaghlaigh agus le saol an teaghlaigh don duine aonair, don phobal agus don sochaí i gcoitinne. Tugtar aird inti ar pholasaí Rialtais, ach go háirithe ar an bpolasaí um chuimsitheacht shóisialta, mar a leagtar amach sa Phlean Náisiúnta Gnímh i gCoinne na Bochtaine agus na hEisiatachta Sóisialta.
- **Faisnéis a Sholáthar –** Le linn 2005, bhí an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ag obair go dlúth in éineacht le heagraíochtaí eile (idir eagraíochtaí stáit agus neamhstáit), chun faisnéis a fhógairt agus a scaipeadh, maidir le cúrsaí a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta. Foilsíodh leabhrán eolais maidir le snáithe oibre éagsúla na Gníomhaireachta.
- **Na Meáin, Léirithe agus Aighneachtaí –** Chuir an Ghníomhaireacht altanna ar fáil do scata foilseachán, ina measc, iris na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh "Options and Opportunities" agus thug agallmha do nuachtáin agus ar an raidió maidir lena feidhmeanna. Ina theannta sin, chuig an

Ghníomhaireacht aighneachtaí faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um an mBunreacht "Family Rights in the Constitution" agus faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le seirbhísí na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh. Chomh maith leis sin, thug an Ghníomhaireacht léirithe ag comhdhálacha. Scaoileamar preasráitis amach nuair a osclaíodh Ionad nua Acmhainní Teaghlaigh, ag fógairt na seirbhísí nua a chuir na hionaid sin ar fáil.

- **Suíomh Idirlín –** Sheol an Ghníomhaireacht a suíomh idirlín i Mí na Nollag Mí na Nollag 2005, mar atá, suíomh idirlín www.fsa.ie. Soláthraíonn an suíomh idirlín sin eolas i dtaobh na Gníomhaireachta agus na seirbhísí a chuireann sí ar fáil, mar aon le cóipeanna leictreonacha de na foilseacháin, na leabhráin agus na tuarascálacha de réir mar a bhíonn ar fáil. Tugtar cur síos ar an bpróiseas iarrtha faoin teideal Deontais Chomhairliúcháin i gcomhair Eagraíochtaí Deonacha, agus Treorlínte i gcomhair an chláir sin faoi An Clár um Acmhainní Teaghlaigh. Tugann bileoga faisnéise na Seirbhíse Eadrána Teaghlaigh úsáideach, ach go háirithe, do thuismitheoirí ag scaradh óna chéile, toisc go dtugtar eolas iontu faoi "Conas a ionramhálann leanaí scaradh agus colscaradh", "Táimid ag scaradh ó chéile – Cad is féidir linn a rá leis na leanaí?" agus "Cad is plean tuismitheoireachta ann?". Tá torthaí taighde ón chéad chéim den chlár Taighde a chuir an tAonad um Ghnóthaí Teaghlaigh ar fáil ar an suíomh idirlín.
- Is mian leis an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh aitheantas a thabhairt do thaca na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le forbairt an tsuímh idirlín.
- Cuireadh in iúl don Ghníomhaireacht i nDeireadh Fómhair go bhfuil an tAcht um Shaoráil Faisnéise le cur i bhfeidhm ar obair na Gníomhaireachta. Tá an obair ar Altanna 15 agus 16 den Leabhar Tagartha á tabhairt chun críche anois. Cuirfear é sin ar an suíomh idirlín i 2006.

5.8 Polasaí

Chuir an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ionchur tábhachtacha isteach i réimsí áirithe den pholasaí ábhartha. Seo leanas cur síos ar na mionsonraí agus ar na réimsí lenar bhain an t-ionchur sin:

Aighneachtaí

- Aighneacht chuig Comhchoiste Uile-Pháirtí an Oireachtais um an mBunreacht
- Aighneacht chuig an 28ú Seisiún de Chomhairle na nAirí Eorpacha atá freagrach as Gnóthaí Teaghlaigh
- Aighneacht maidir le Páipéar Glas Choimisiún na hEorpa i dtaobh dlí ábhartha agus dlínse i gcúrsaí colscartha
- Aighneacht chuig an Bord um Chúnamh Dlíthiúil mar fhreagra ar a dhréacht-Phlean Corparáideach
- Aighneacht chuig an Grúpa Stiurtha Idir-Rannach a bhfuil athbhreithiú ar siúl aige ar pholasaí Rialtais chun cabhrú le tuismitheoirí aonair
- Aighneacht chun an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir le cúram leanaí agus luathoideachas, i gcomhthéacs thaithí na nIonad Acmhainní Teaghlaigh.

Abhcóideacht

Aibreán 2005 – Éisteacht den Choiste Uile-Pháirtí um an mBunreacht

Iúil 2005 – Éisteacht i bhfianaise Chomhchoiste an Oireachtais um Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Aguisíní

Aguisín 1

Cruinnithe Boird agus Foghrúpaí den Bhord i 2005

1. Cruinnithe Boird

31ú Eanáir
4ú Aibreán
30ú Mí na Bealtaine
25ú Iúil
24ú Deireadh Fómhair
15ú Mí na Nollag
28ú Feabhra
25ú Aibreán
27ú Meitheamh
19ú Meán Fómhair
28ú Mí na Samhna

2. Foghrúpaí den Bhord

Foghrúpa	Baill
An Coiste Iniúchóireachta	Muriel Walls (Cathaoirleach), Paddie Connellan, Margaret Farrell, Dick Hickey, Brendan Murphy, Angela Gaule, Helen Faughnan
Comhairliúchán	Colm O'Connor (Cathaoirleach), Rita Hayes, Dick Hickey, Brendan Murphy, Dilly O'Brien, Bríd Rocks
An tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh	Clare Cashman (Cathaoirleach), Paddie Connellan, Geoffrey Corry, Angela Gaule, Rita Hayes, Dick Hickey, Colm O'Connor, Bríd Rocks
An Clár um Ionaid Acmhainní Teaghlaigh	Bríd Rocks (Cathaoirleach), Clare Cashman, Helen Faughnan, Ciara Doyle (IAT Drop In Well), Fiona O'Grady (Gníomhaireacht Tacaíochta an Lár-Iarthar), Ceri Goddard (An Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine) John Fitzsimons (Ionad Acmhainní San Aindrias), Fiona Gallagher (Gníomhaireacht Tacaíochta Dhún an Rátha)
Athbhreithniú maidir le Pá/Coinníollacha IAT	Clare Cashman (Cathaoirleach), Helen Faughnan, Dick Hickey, Colm O'Connor, Bríd Rocks
Coiste Oireachtais	Michael O'Kennedy (Cathaoirleach), Muriel Walls, Pat Bennett
Taighde	Colm O'Connor (Cathaoirleach), Clare Cashman, Paddie Connellan, Helen Faughnan, Rita Hayes, Gerry Mangan, Dilly O'Brien
Pleanáil Straitéise	Dick Hickey (Cathaoirleach), Paddie Connellan, Angela Gaule, Bríd Rocks

Aguisín 2

Feidhmeanna Reachtúla

Tá feidhmeanna na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaish, mar atá forordaithe san Acht fán Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh 2001, Alt 4, leagtha amach mar seo leanas:

4. (1) Is iad feidhmeanna na Gníomhaireachta:

(a) seirbhís eadrána teaghlaigh a chur ar fáil

(b) mar a mheasann an Ghníomhaireacht é a bheith riachtanach nó caothúil:

(i) eadráin teaghlaigh a chur ar fáil trí mheán daoine eile a mheasann sí a bheith oiriúnach,

(ii) oiliúint in eadráin teaghlaigh a chur ar fáil í féin nó trí mheán daoine eile a mheasann sí a bheith oiriúnach,

(c) tacú le soláthar seirbhísí comhairliúcháin um pósadh agus caidreamh agus le seirbhísí tacaíochta teaghlaigh; iad sin a chur chun cinn agus a fhorbairt

(d) faisnéis faoi shaincheisteanna oideachais maidir le pósadh, le caidreamh, le headráin teaghlaigh, le tuismitheoireacht agus le freagrachtaí teaghlaigh agus nithe gaolmhara a chur chun cinn agus a chraobhscaoileadh agus obair i gcomhar ina leith sin le húdaráis phoiblí eile chun faisnéis a chur ar fáil chun cabhrú le daoine cothromóid a bhaint amach ina ndualgais teaghlaigh agus oibre.

(e) tacú le Clár Acmhainní Sheirbhísí Acmhainní Teaghlaigh agus Pobail an Aire a chur chun cinn agus a fhorbairt.

(f) tabhairt faoi thaighde nó taighde a choimisiúnú i nithe a bhaineann lena fheidhmeanna agus le nithe eile mar a iarrann an tAire.

(g) ar iarratas ón Aire nó as a stuaim féin, comhairle, faisnéis agus cúnamh a chur ar fáil don Aire maidir le forbairt ar ghné ar bith dá feidhmeanna.

(h) faoi réir ag toil an Aire, agus de réir na gcritéar arna mbunú faoi Alt 7, cúnamh airgid a chur ar fáil do chomhlachtaí deonacha maidir le hábhar ar bith a bhaineann le feidhmeanna na Gníomhaireachta agus ar son an chuspóra seo riarachán a dhéanamh ar:

(i) scéim an Aire ar a dtugtar Scéim na nDeontas don Earnáil Dheonach

(ii) clár an Aire ar a dugtar Clár na nIonad Acmhainní do Sheirbhísí Teaghlaigh agus Pobail, agus

(iii) scéimeanna, deontais agus áiseanna eile a bhaineann le cúnamh airgid is féidir leis an Aire a údarú ó am go ham i gcomhairle leis an Aire Airgeadais,

(i) pleananna Straitéise a ullmhú de réir Alt 9

(j) feidhm ar bith eile a a shannaítear chun na Gníomhaireachta faoi Alt 5 a chomhlíonadh.

4. (2) I gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna atá sannaithe ag an Acht seo nó faoi, beidh aird ag an nGníomhaireacht ar na nithe seo a leanas:

(a) an gá atá le cúnamh a thabhairt go háirithe do dhaoine a bhíonn páirteach sa phróiseas scarúna nó colscartha chun teacht ar réiteach más féidir, go háirithe in aighnis a bhaineann le leanaí

(b) an gá atá le coimhoibiru le húdaráis phoiblí ábhartha eile agus le comhlachtaí deonacha

(c) polasaí an Rialtais, polasaí um chuimsiú nó comhghlacadh sóisialta, ach go háirithe.

4. (3) Beidh na cumhachtaí uile atá riachtanach nó teagmhasach do chomhlíonadh a cuid feidhmeanna ag an nGníomhaireacht faoin Acht seo.

Aguisín 3

Struchtúr na Eagraíochta agus a Foireann

Pat Bennett	Príomhfheidhmeannach

1. Seirbhísí Corparáideacha

Bill O'Dea	AP
Deirdre Fradl	HEO

2. Taighde

Aideen Mooney	AP

3. Faisnéis

Mary Lloyd	AP

4. Deontais Chomhairliúcháin agus Ionaid Acmhainní Teaghlaigh

Christina O'Connor	AP

Deontais Chomhairliúcháin	
Olive Shanley	HEO
Marian Finn	EO
Imelda Martin	CO

Ionaid Acmhainní Teaghlaigh	
Rita Fitzsimons	HEO
Kevin Casey	EO
Sarah Ironside	CO
Aida Outeiro	CO

5. An tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh

Comhordaitheoir Seirbhísí	Polly Phillimore
Comhordaitheoirí Ceantar	Majella Foley-Friel
	Siun Kearney
	Carmel Savage

Lucht Eadrána

Bernadette Barry-Murray
Geoffrey Corry
Ann Doran
Patricia Fleming
Claudia Greene
Rosemary Hanratty
Sheila Healy
Eimear Hayden
Marie Keely
Martin Long
Fiona McAuslan
Julie McAuliffe
Jane McColgan
Lyle McElderry
Yvette O'Malley-Quigley
Ann O'Kelly
Karen Quirk
Anna Slattery
Delma Sweeney
Jim Sykes

Riarachán

Anne O'Riordan HEO
Niamh Egan SO

Oifigigh Chléireachais

Hazel Balding
Sheila Murphy
Ann Connor
Martina Doyle
Margaret Farrell
Marie Geraghty
Michelle Henry
Sandra Moran
Noreen Mullin
Sandra Murphy
Evelyn McGarrigle
Antoinette O'Donovan
Geraldine O'Halloran
Mary O'Sullivan
Anne Troy

Aguisín 4

Áitribh

Ceanncheathrú na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh

Urlár 4, Teach Fhaiche Stiabhna, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 6114100

Oifigí Lánaimseartha ag an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh

Baile Átha Cliath
Urlár 1, Teach Fhaiche Stiabhna, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2
Guthán: 01 6344320

Corcaigh
Teach Hibernian, 80A An Meall Theas, Corcaigh
Guthán: 021 4252200

Gaillimh
Urlár 1, Teach Ross, Bóthar na gCeannaithe, Gaillimh, Gaillimh
Guthán: 091 509730

Luimneach
Urlár 1, Teach an Mhuilinn, Sráid Annraí, Luimneach
Guthán: 061 214310

Oifigí Páirtaimseartha ag an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh

Baile Átha Luain
Inis na Carraige, Baile Átha Luain, Co na hIarmhí
Guthán: 090 6420970

Baile Bhlainséir
West End House, West End Business Park, Snugborough Road Extension,
Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15
Guthán: 01 8118650

Caisleán an Bharraigh

F/ch. Ionad Teaghlaigh, Sráid an tSéipéil, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo

Guthán: 094 9035120

Dún Dealgan

Ionad na Mílaoise, Bóthar Naomh Alfonsus, Dún Dealgan, Co Lú

Guthán: 042 9359410

Loch Garman

Cúirt Selscair, Selscar, Loch Garman

Guthán: 053 63050

Marino/An Chúlóg

F/ch Oifig ACCORD, 71 Ascaill Uí Ghríofa, Marino, Baile Átha Cliath 9

Guthán: 01 8186050

Port Láirge

14 Sráid Gladstone, Port Láirge

Guthán: 051 860460

Sligeach

Sráid na Mainistreach, Sligeach

Guthán: 071 9137430

Tamhlacht

The Rere, Ionad Seirbhísí Sóisialacha Thamhlachta, An Chearnóg, Tamhlacht, BÁC 24

Guthán: 01 4145180

Trá Lí

Aonad 2, Plás an Mhargaidh, Sráid Maine, Trá Lí, Co Chiarraí

Guthán: 066 7186100

Aguisín 5

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 2005

Ábhar	Alt
Eolas	1
Tuarascáil an Ard-reachtaire Cuntas agus Ciste	2
Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas um Polasaithe Cuntasaíochta	4
Ráiteas um an Gcóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais	5
Cuntas Sochair & Dochair	6
Clár Comhardaithe	7
Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais	8

Don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Faoi réir ag na forálacha in Alt 25 den Acht Fan nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001, cuireann an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh ("an Ghníomhaireacht") faoi do bhráid a Tuarascáil agus a Cuntais don bhliain dár chríoch 31 Mí na Nollag 2005.

1. Eolas

Baill an Bhoird	Clare Uas. Cashman
	Paddie Uas. Connellan
	Geoffrey Uas. Corry
	Helen Uas. Faughnan
	Rita Uas. Hayes
	Dick Uas. Hickey
	Dilly Uas. O'Brien
	An Dr. Colm O'Connor
	Michael Uas. O'Kennedy (Cathaoirleach)
	Bríd Uas. Rocks
	Muriel Uas. Walls
Príomhfheidhmeannach	Pat Uas. Bennett
Ceannncheathrú	An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh
	Teach Fhaiche Stiabhna
	Ardán Phort an Iarla
	Baile Átha Cliath 2
Iniúchóir	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
	Caisleán Bhaile Átha Cliath
	Baile Átha Cliath 2
Cuntasóirí	Mazars Chartered Accountants
	Bloc 3 Lárionad Fhearchair
	Bóthar Fhearchair
	Baile Átha Cliath 2
Aturnae	A&L Goodbody
	IFSC
	Cé an Phoirt Thuaidh
	Baile Átha Cliath 1

2. Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh (na Gníomhaireachta) don bhliain dár críoch Mí na Nollag 2006 arna n-iniúchadh agam díreach anois, faoi Alt 25 den Acht Fan nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasaíochta ar a bhfuil cur síos iontu, na Polasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Sochair agus Dochair, an Clár Comhardaithe agus na nótaí a bhaineann leo.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú faoi réir ag an Acht agus as rialtacht na mbearta gnó a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais faoi réir ag an gCleachtas Ginearálta Cuntasóireachta Inghlactha in Éirinn. Tá cur síos ar fhreagrachtaí cuntasaíochta Bhord na Gníomhaireachta sa Ráiteas um Fhreagrachtaí.

Is é atá mar fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir ag na coinníollacha ábhartha dlíthiúla agus reachtaíochta agus ag na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Chuntasaíochta (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le pé acu an dtugtar léiriú cóir cothrom ag teacht leis an gCleachtas Ginearálta Cuntasóireachta Inghlactha in Éirinn sna ráitis airgidis, nó nach dtugtar. Ina theannta sin, tuairiscím pé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le leabhar na gcuntas, nó nach bhfuil.

Tuairiscím sampla ábhartha ar bith inar úsáideadh airgead chun críocha eile seachas mar a bhí beartaithe dóibh agus bearta nach mbíonn ag teacht lena n-údaráis rialaithe.

Ina theannta sin, tuairiscím go bhfuair nó nach bhfuair mé an fhaisnéis ar fad a theastaigh chun críocha mo chuid iniúchóireachta.

Bunús na Tuairime Iniúchta

Agus mé i mbun m'fheidhme mar Ard-ReachtaireCuntas agus Ciste, rinne mé na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir ag na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Chuntasaíocht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) a d'eisigh Bord na gChleachtas Cuntasaíochta agus trí thagairt do na cúinsí ar leith a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainisitú agus a n-oibriú. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, d'fhianaise a bhaineann le hábhar maidir le suimeanna, le nochtadh faisnéise agus le rialtacht na mbeart airgeadais a luaitear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn sé measúnú ar na príomh-mheastacháin agus ar na breithiúnais a rinneadh le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, agus tuairim faoi an bhfeileann na polasaithe cuntasaíochta do chúinsí na Gníomhaireachta, arna gur i bhfeidhm go seasta agus arna nochtadh go leordhóthaineach.

Rinne mé an t-iniúchadh seo agamsa a phleanáil agus a chur i gcrích i slí is go bhfaighinn an fhaisnéis ar fad agus na míniúcháin a mheasas a bhí riachtanach chun mo dhóthain fianaise a sholáthar dom chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis aireadais slán ó aon ráiteas ábharach míchruinn, pé acu calaois nó aon mhírialtacht eile ba chion tsiocair leis. Agus mo thuairim á foirmliú agam, rinne mé measúnú, chomh maith, ar an leordhóthaineacht fhoriomlán maidir le faisnéis a chur i láthair san ráitis airgeadais.

Tuairim

Is e mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom, inár dtuairim faoi réir ag Cleachtas Ginearálta Inghlactha in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Gníomhaireachta ar 31 Mí na Nollag 2005 agus ar a cuid ioncaim agus caiteachais don bhliain dár chríoch sin.

Is e mo thuairim gur choinnigh an Ghníomhaireacht leabhair chearta cuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht le leabhair na gcuntas.

John Purcell

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste *20ú Iúil 2007*

3. Ráiteas um Fhreagrachtaí

Cuireann Alt 25 den Acht Fan nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001 ceangal ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar Bhaill an Bhoird, thar ceann na Gníomhaireachta, Ráitis Airgeadais a ullmhú i riocht a cheadaíonn an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú s acu, tá ceangal ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar an mBord, thar ceann na Gníomhaireachta:

- polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a fheidhmiú go seasta;
- tuairimí agus meastacháin a thabhairt atá réasúnach agus stuama;
- ráiteas a thabhairt faoinár leanadh nó nár leanadh caighdeáin oiriúnacha cuntasaíochtaí, ach scaradh ábhartha ar bith uathu a nochtadh agus mhíniú sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé neamhoiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord i mbun gnó.

Tá an Príomhfheidhmeannach, faoi stiúradh Bhord na Gníomhaireachta, freagrach as leabhair chearta cuntas a choinneáil, ina dtugtar léargas fíor cothrom in am ar bith ar stádas airgeadais na Gníomhaireachta agus a cuireann ar a cumas a cinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag teacht le hAlt 25 an Achta. Tá an Bord freagrach, chomh maith, as sócmhainní na Gníomhaireachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a aithint.

Cathaoirleach *24 Meán Fómhair 2006*

Príomhfheidhmeannach *24 Meán Fómhair 2006*

4. Ráiteas um Polasaithe Cuntasaíochta

Seo leanas na príomhpholasaithe cuntasaíochta atá mar bhonn leis na ráitis airgeadais:

An bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe cuntasaíochta, faoi réir ag prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoin choinbhinsiún stairiúil costais agus a chomhlíonann siad caighdeáin intuairiscthe Bhord na gCleachtas Cuntasaíochta. Tugtar na cuntais in euro.

Deontas Oireachtais

Ciallaíonn an Deontas Oireachtais suim iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar son na Gníomhaireachta sa tréimhse lena mbaineann an cuntas.

Sócmhainní inláimhsithe seasta

Luaitear sócmhainní inláimhsithe seasta ag luach costas lúide dímheas fabhraithe.

Áirítear dímheas ar bhonn líne dírí ar rátaí a meastar a laghdóidh na sócmhainní go dtí luacha inréadaithe ag deireadh a ré in úsáid, mar a mheastar, ar an dóigh seo:

Foirgnimh & daingneáin	10%
Trealamh oifige	10%
Trealamh ríomhaireachta	20%

Airgeadraí Coigríche

Aistrítear bearta gnó in airgeadraí coigríche go euro ar ráta malartaithe an dáta cuntasaíochta agus áirítear i gCuntas Sochair agus Dochair na bliana iad. Cuirtear costais a eascraíonn as an difear idir dátaí beart agus dátaí íocaíochta leis an gCuntas Sochair agus Dochair.

Cuntas Caipitil

Seasann an cuntas caipitil don ioncam neamh-mhaite a úsáidtear chun íoc as sócmhainní seasta.

Pinsin an Lucht Foirne

Faoi réir ag Alt 17 den Acht Fan nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001, tá dréacht de scéim pinsean maidir le fostaithe na Gníomhaireachta curtha faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, ach tá an dréacht sin fós le ceadú ag an Aire. Státseirbhísigh ar iasacht ón Roinn is ea an chuid eile den lucht foirne, atá cludaithe ag socruithe pinsean Státseribhíse.

5. Ráiteas Um an gCóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais

Freagracht as córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann bhaill na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh (FSA) admhaímid gur sinne atá freagrach as féachaint chuige go ndéantar córas éifeachtach um rialú airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Is é an rud is mó is féidir leis an gcóras seo a sholáthar ná cinnteacht réasúnta, seachas iomlán, maidir le sócmhainní a chosaint, bearta a údarú agus a thaifead mar ba chóir agus go seachnaítear botúin ábhartha agus mírialtachtaí eile nó go n-aithnítear in am trátha iad.

Príomhghnás rialaithe

Bunaíodh an FSA faoin Acht Fan nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh, 2001, agus chuaigh i mbun oibre ar an 6ú Mí na Bealtaine, 2003. Ó shin i leith, ghlac an FSA céimeanna tosaigh chun timpeallacht cheart rialaithe a chinntiú mar seo:

- féachaint chuige go gcomhlíonann an FSA lena dualgais airgeadais faoin Acht
- féachaint chuige go slánaítear sócmhainní agus dliteanais an Bhoird mar ba chóir
- freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir laistigh de struchtúr sonraithe eagraíochta le hidirdhealú glan maidir le dualgais; agus
- bunú fochoistí cuí faoin mBord chun díriú níos cruinne ar réimsí sonraithe.

Beartaíonn an Bord measúnú rioscaí a choimisiúnú go luath amach anseo, chun rioscaí eagraíochta a aithint agus a luacháil, mar seo a leanas:

- na rioscaí straitéiseacha, oibriúcháin agus airgeadais is mó a bhaineann leis an eagraíocht a aithint;
- oiriúnacht agus neart na rialuithe bainistíochta timpeall ar réimsí riosca;
- méar a dhíriú ar na príomhréimsí riosca chun aird na bainistíochta a tharrac orthu agus béim a chur orthu san Iniúchadh Inmheánach.

Ag leanúint ar aghaidh ón bpróiseas seo, déanfar gnáis fhoirmeálta a fhoirmliú agus a chur i bhfeidhm mar chúnamh cun teipeanna suntasacha rialaithe ar bith a thuairisciú agus gníomhartha oiriúnacha rialaithe a ghlacadh, ar a n-áirítear feidhm Iniúchta Inmheánaí a chur ar bun.

Tá an FSA go huile is go hiomlán i dtuilleamaí na gcóras cuntas agus párolla sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Maidir leis sin, tá ceangal ar an FSA déanamh de réir na ngnás rialaithe atá ag feidhmiú sa Roinn. Chruthaigh scaradh na bhfeidhmeanna próiseála agus íocaíochta ón Roinn deacrachtaí maidir le cáipéisiú tacaithe a fháil a bhaineann le réimsí áirithe de chaiteachas na Gníomhaireachta.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais laistigh den Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh bunaithe ar chreat maidir le heolas bainistíochta míosúil, le gnáis riaracháin (a chuimsíonn scaradh dualgas agus teorainneacha údaráis) agus córas um thiomnú agus freagracht. Cuimsíonn sé, ach go háirithe:

- córas buiséadachta le buiséad bliaintúil, a leagtar amach i gcomhair na bliana agus a ndéantar a athbhreithniú agus a aontú leis an bhFeidhmeannacht agus leis an mBord sula gcuirtear chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh é;
- athbhreithniú tráthrialta ag an bhFeidhmeannacht agus ag an mBord ar na tuairiscí ar chaiteachas ina meastar feidhmiúchán airgeadais taobh leis an mbuiséad.
- athbhreithniú tráthrialta ag an bhFeidhmeannacht agus ag an mBord ar na tuairiscí airgeadais agus ar na príomhtháscairí oibriúcháin;
- treoirlínte soiléire um sholáthar, tairiscintí agus infheisitiú caipitil.

Mar a luadh thuas, tá sé beartaithe ag an mBord athbhreithniú rioscaí a choimisiúnú chun príomhréimsí riosca agus laigí rialaithe na heagraíochta a aithint, faoi réir ag an gCleachtas Iniúchta Inmheánaigh is Fearr, mar chéim thosaigh maidir le feidhm Iniúchta Inmheánaigh. Beidh na tátail agus na moltaí san athbhreithniú rioscai sin mar bhonn le plean ciorclach um iniúchadh inmheánach chun athbhreithniú mion a dhéanamh ar phríomhrioscaí na heagraíochta.

Mar thaca le monatóireacht agus le hathbhreithniú an Bhoird ar éifeacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais beidh an fhoireann bainistíochta Feidhmiúcháin atá freagrach as forbairt agus as cothabháil a dhéanamh ar an gcreat rialaithe. Agus an fheidhm um Iniúchadh Inmheánach curtha in áit, beidh ról aici freisin i monatóireacht agus in athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Athbhreithniú Bliaintúil Rialaithe

Tá athbhreithniú fós le déanamh ag an mBord ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais, ach is é a meas go cruthóidh an dul chun cinn suntasach atá déanta go dtí seo maidir le córas cuí rialaithe agus na céimeanna atá á bhfoimliú maidir le feidhm Iniúchta Inmheánaigh a bhunú go maith, maidir le cinnteacht a sholáthar um éifeachtúlacht na timpeallachta rialaithe airgeadais as seo amach.

Eolas maidir le laigí rialaithe

Tháinig an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh slán gan chailliúint shuntasach ábhartha airgeadais ar bith sa bhliain dár chríoch 31 Mí na Nollag 2005, ag eascair as laigí ar bith sa chóras um rialú inmheánach airgeadais, as a dtiocfadh soláthar, teagmhas ná easpa cinnteachta i ráitis airgeadais na bliana.

Cathaoirleach *24 Meán Fómhair 2006*

Príomhfheidhmeannach *24 Meán Fómhair 2006*

6. Cuntas Sochair agus Dochair

don bhliain dár chríoch 31 Mí na Nollag 2005

	Nótaí	**2005** **€**	2004 €
Sochar			
Deontas Oireachtais		**22,564,718**	19,357,458
Aistriú go Cuntas Caipitil	8	**(461,904)**	(5,412)
		22,102,814	19,352,046
Dochar			
Deontais Tacaíochta Airgeadais	**1**	**18,680,385**	**15,626,570**
Costais an Phárolla	**2**	**1,872,004**	**1,828,356**
Costais na Stiúrthóirí	**3**	**89,085**	**50,103**
Costais Riaracháin	4	**1,454,451**	1,375,872
		22,095,925	18,880,901
Barrachas Sochar thar Dhochar		**6,889**	471,145

Ní raibh breis ná cailliúint aitheanta ar bith eile sa bhliain, seachas a bhfuil cur síos orthu sa Chuntas Sochair agus Dochair.

Tá an Ráiteas um Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 11 mar dhlúthchuid de na ráitis airgeadais seo.

Cathaoirleach *24 Meán Fómhair 2006*

Príomhfheidhmeannach *24 Meán Fómhair 2006*

7. Clár Comhardaithe

ar an 31 Mí na Nollag 2005

	Nótaí	**2005** **€**	2004 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimsithe	5	**558,557**	461,038
Oibreacha idir lámha	5	**364,385**	–
		922,942	461,038
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí	6	**1,162,377**	813,575
Creidiúnaithe (suimeanna dlite laistigh de thréimhse bliana)	7	**(854,463)**	(512,550)
Sócmhainní Reatha Glan		**307,914**	301,025
Iomlán Na Sócmhainní		**1,230,856**	762,063
Arna Maoiniú Ag			
Cuntas Sochair agus Dochair		**307,914**	301,025
Cuntas Caipitil	8	**922,942**	461,038
		1,230,856	762,063

Tá an Ráiteas um Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 11 mar dhlúthchuid de na ráitis airgeadais seo.

Cathaoirleach *24 Meán Fómhair 2006*

Príomhfheidhmeannach *24 Meán Fómhair 2006*

8. Nótaí faoi na Ráitis Airgeadais

1. Deontais Tacaíochta Airgeadais

	2005 €	2004 €
Deontais Chomhairliúcháin	**8,392,300**	7,643,246
Deontais d'Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (IAT)	**10,288,085**	7,983,324
	18,680,385	15,626,570

2. Caiteachas Párolla

	2005 €	2004 €
Pá & Tuarastail	**1,761,448**	1,696,531
Taisteal & Cóiríocht	**110,556**	131,825
	1,872,004	1,828,356
Líon na bhfostaithe	**63**	55

3. Costais na Stiúrthóirí

	2005 €	2004 €
Táillí Stiúrthóirí	**54,743**	48,247
Taisteal & Cóiríocht	**34,342**	1,856
	89,085	50,103

4. Costais Riaracháin

	2005 €	2004 €
Oiliúint	**13,680**	13,230
Cíos	**629,717**	536,352
Táillí um Sheirbhísí	**100,623**	110,655
Árachas	**44,676**	26,130
Cothabháil	**48,067**	73,124
Slándáil	**1,844**	5,056
Glanadh	**40,672**	35,979
Guthán	**44,426**	51,299
Aibhléis	**24,040**	30,158
Foilseacháin	**–**	1,612
Stáiseanóireacht	**30,286**	61,517
Fógraíocht	**44,908**	55,078
Comhairliúchán	**202,449**	143,120
Cuntasaíocht	**29,920**	50,558
Iniúchadh	**10,000**	10,000
Comhdhálacha	**64,776**	63,788
Dímheas	**98,663**	76,072
Bia agus Ól	**9,063**	8,129
Síntiúis	**7,836**	4,881
Ilchineálach	**6,603**	11,588
Postas	**2,202**	7,546
	1,454,451	1,375,872

5. Sócmhainní Inláimsithe Seasta

	Trealamh Ríomh-aireachta €	Daingneáin & Feisteas €	Trealamh Oifige €	Iomlán €
Costas				
Comhardadh Tosaigh	175,625	312,399	97,076	585,100
Nithe breise sa bhliain	29,732	150,797	15,653	196,182
Ar an 31 Mí na Nollag 2005	205,357	463,196	112,729	781,282
Dímheas				
Comhardadh Tosaigh	59,160	49,910	14,992	124,062
Táillí na bliana	41,071	46,319	11,273	98,663
Ar an 31 Mí na Nollag 2005	100,231	96,229	26,265	222,725
Luach Glan Leabhair				
Ar an 31 Mí na Nollag 2004	116,465	262,489	82,084	461,038
Ar an 31 Mí na Nollag 2005	105,126	366,967	86,464	558,557

Ciallaíonn an figiúr maidir le hoibreacha idir lámha €251,044 maidir le costas feistithe na n-áitreabh IAT i mBaile Átha Luain agus i bPort Láirge agus €113,341 maidir le costas forbartha bogearrí ríomhaireachta nár críochnaíodh roimh an 31 Mí na Nollag 2005.

6. Féichiúnaithe

Suimeanna dlite laistigh de thréimhse bliana	**2005 €**	2004 €
Réamhíocaíochtaí de Dheontais IAT	**1,121,564**	791,705
Réamhíocaíochtaí Eile	**40,813**	21,870
	1,162,377	813,575

7. Creidiúnaithe

Suimeanna dlite laistigh de thréimhse bliana	**2005 €**	2004 €
Fabhruithe Cíosa	**507,970**	280,856
Fabhruithe um Tháillí Seirbhísí	**100,172**	86,461
Fabhruithe Eile	**246,321**	145,233
	854,463	512,550

8. Cuntas Caipitil

	2005 €	2004 €
Comhardadh Tosaigh	**461,038**	455,626
Ioncam lenar ceannaíodh Sócmhainní Seasta	**560,567**	81,485
Maitheamh ag teacht le dímheas sócmhainní	**(98,663)**	(76,073)
Aistriú ón gCuntas Sochair agus Dochair	**461,904**	5,412
Comhardadh druidte ar an 31 Mí na Nollag	**922,942**	461,038

9. Dliteanais Theagmhasacha

Tá caingean amháin dlí ag teacht nach bhfuil cludaithe ag polasaí árachais na Gníomhaireachta. Dá bharr sin, agus le cead ón Roinn Airgeadais, tá an t-éileamh sin á bhainistiú ag an Eagras Éilimh Stáit thar ceann na Gníomhaireachta agus thar ceann an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

10. Cóiríocht

Ghlac an Ghníoomhaireacht áitreabh ceanncheathrún na Gníomhaireachta ar Urlár 4, Teach Fhaiche Stiabhna, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, ar cíos ó Oifig na nOibreacha Poiblí i 2003 go ceann tréimhse aon bhliain déag go leith. Cíos bliantúil €215,350 per annum a íoctar i leith an áitribh sin i láthair na huaire. Bhí an tSeirbhís Eadrána Teaghlaigh ag obair i 20 áitreabh ar cíos timpeall na tíre, rud a chosain €405,372 i gcíosa le linn na bliana.

11. Formheas ar na Ráitis Airgeadais

Ráitis Airgeadais arna bhformheas ag an mBord ar an 24 Meán Fómhair 2006.

An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh